# GAELSCOIL SHLIABH RUA

**Cód Iompair 2025**

**Ráiteas Tosaigh**

Dréachtaíodh an Cód Iompair seo de réir Alt 23 den Acht Oideachais (Leas), 2000. Ceanglaítear leis an Acht go n-ullmhófar Cód Iompair na Scoile de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais/ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA).
(I measc an ábhair dá ndéantar tagairt, tá 'Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna' (an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, 2008); 'Iompar Dúshlánach a Bhainistiú: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna', Cumann Múinteoirí Éireann, 2004;
'Deacrachtaí Iompair, Mothúchánacha agus Sóisialta, Leanúntas Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí' (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2007).

Cuirtear in iúl in Alt 23 (2) den Acht Oideachais (Leas), 2000, go sonrófar na nithe seo a leanas sa Chód Iompair:

(a) Na caighdeáin iompair a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil;
(b) Na bearta a fhéadfar a dhéanamh nuair a mhainneoidh nó nuair a dhiúltóidh mac léinn na caighdeáin sin a urramú;
(c) Na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil lena mbaineann;
(d) na forais chun deireadh a chur le fionraí a forchuireadh i ndáil le mac léinn;
(e) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil.

Polasaí don Iompar Dearfach atá i gCód Iompair na scoile againne. Rinneadh an cód a athdhréachtú go mór i ndiaidh dúinn dul i gcomhairle leis na páistí, baill foirne agus tuismitheoirí mar aon leis an mBord Bainistíochta. Is é is aidhm dúinn leas a bhaint as ár bPolasaí don Iompar Dearfach le Cleachtais Aisiríocha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm inár scoil. Fealsúnacht agus tacar sainscileanna atá sa Chleachtas Aisiríoch atá fréamhaithe sa mheas agus sna dea-chaidrimh.

Is é is aidhm dár bPolasaí don Iompar Dearfach an scoil a threorú le dea-chaidrimh a fhorbairt agus a chothú i measc na mball foirne, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an bpobal. Táimid tiomanta tairbhe a bhaint as comhar, cuntasacht, tacaíocht do shainscileanna iompair dhearfaigh agus teagasc na scileanna sin, comhionannas, meas agus ionchuimsiú le díriú ar an tacaíocht don iompar dearfach.

## Clár an Ábhair:

1. Réamhrá
2. An Cuspóir lenár gCód don Iompar Dearfach
3. Caighdeáin agus Ionchais
    3a Caighdeáin agus Ionchais iompair sa scoil seo againne
    3b An méid a bhfuiltear ag súil leis ó pháistí, baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus ón mBord Bainistíochta

4. Na freagrachtaí atá ar pháistí, múinteoirí, baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus ar an mBord Bainistíochta
5. Straitéisí leis an Iompar Dearfach a chur chun cinn
6. Freagairt d’Iompar Míchuí
7. Fionraí agus Díbirt

## 1. Réamhrá

Is Gaelscoil il-sainchreidmheach í Gaelscoil Shliabh Rua. Cuirimid ardchaighdeán oideachais ar fáil trí mheán na Gaeilge. Déanaimid cultúr den mheas agus den ionchuimsitheacht a chothú agus leagaimid béim ar cháilíocht na gcaidreamh idir daltaí, baill foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí.

Inár scoilse, aithnítear agus déantar ceiliúradh ar éagsúlacht na ndifríochtaí atá ann i measc páistí agus ar dhualgas na scoile freastal ar na difríochtaí sin de réir mar is féidir leis na háiseanna agus an saineolas atá againn. Comhaontaítear go mbíonn gá le domhaintuiscint don mhuintearas le go mbeidh ardchaighdeán

iompair ann sa scoil, chomh maith le leibhéal ard comhair idir baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus páistí. Déanfar gach iarracht lena chinntiú go gcuirfear an cód iompair i bhfeidhm ar bhealach a bheidh réasúnach, cóir agus seasmhach.

Tá sé mar pholasaí de chuid na scoile seo an t-iompar dearfach a chur chun cinn go gníomhach agus tacú leis an iompar sin.

Tá an cód iompair atá againn bunaithe ar spreagadh, tacaíocht, ceangal agus ar an atreisiú dearfach ionas gur féidir leis an iompar dearfach a bheith i réim sa scoil.  Spreagaimid féinmhachnamh agus comhar i measc na ndaltaí agus iad ag réiteach fadhbanna. Spreagaimid féinmhachnamh (baill foirne agus daltaí), tacaíocht chun sainscileanna iompair dhearfaigh a fhorbairt chomh maith le socrú fadhbanna agus coinbhleachta dírithe ar réitigh.

*Tá an scoil seo againne ag cur tús le Cleachtais Aisiríocha a fhiosrú agus cuirfear oiliúint foirne ar fáil ar an gcleachtas sin le linn na bliana seo chugainn. Is éard atá i gceist le cuir chuige aisiríocha ná pobal a thógáil agus caidrimh a láidriú. Fealsúnacht bunaithe ar luachanna atá sa Chleachtas Aisiríoch. Na haidhmeanna atá leis ná na nithe seo a leanas a chur chun cinn: iompar caidreamhach, smaoineamh agus cumarsáid, cur chuige caidreamhach sa teagasc agus san fhoghlaim, tacaíocht iompair, freagairt do dhochar agus do choinbhleacht agus teacht ar réitigh. Bíonn cleachtais chaidreamhacha i scoileanna mar thaca le cultúr agus éiteas dearfach agus spreagtar ionchais arda do chách.*

Tá a ról féin ag gach ball de phobal na scoile chun an Cód Iompair a chur i bhfeidhm.  Smaoineamh, dearcthaí, caidrimh agus iompar gach duine ar an scoil is cúis le forbairt timpeallachta scoile. Bíonn iompar tuismitheoirí páiste ina thionchar mór ar iompar páiste, tuismitheoirí agus múinteoirí san áireamh. Beidh an cód níos éifeachtaí má bhíonn leibhéal ard oscailteachta agus comhair ann idir baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus páistí. Agus muid ag obair le chéile agus cur chuige scoile uile againn, is é is aidhm dúinn timpeallacht scoile a fhorbairt ina dtabharfar tacaíocht do dhea-chaidrimh chomh maith le hiad a chothú. Beimid ag obair i gcomhar le pobal uile na scoile le bunluachanna a neadú in éiteas agus i gcultúr ár scoile, is iad sin meas, cúram, tuiscint, cuntasacht, macántacht agus maithiúnas.

## 2. An Cuspóir lenár gCód don Iompar Dearfach

- sábháilteacht agus folláine na mball ar fad de phobal na scoile a chinntiú.
- timpeallacht dhearfach foghlama a fhorbairt ina spreagfar agus a neartófar an dea-iompar
- féinmheas agus dea-chaidrimh a chur chun cinn
- timpeallacht a fhorbairt ina mbeidh páistí, baill foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí ag mothú go bhfuil meas agus cion orthu agus ina léireofar meas, glacadh, leathanaigeantacht agus bá le daoine eile.
- freagairt sheasmhach a spreagadh i leith iompair, idir iompar dearfach agus iompar diúltach
- tuiscint ar fhreagracht, cuntasacht agus féinsmacht a chothú i measc na ndaltaí chomh maith leis an dea-iompar a theagasc agus chun tacú leis, an méid sin bunaithe ar bhá le daoine eile, féinmheas agus meas ar dhaoine eile, féinchúram agus cúram do dhaoine eile
- oideachas agus forbairt gach páiste a éascú
- meon comhbhách a chothú i leith daoine eile agus don chomhshaol
- lena chur ar a gcumas do mhúinteoirí a bheith ag teagasc gan aon chur isteach
- lena chinntiú go bhfuil daoine ar an eolas agus go bhfuil tuiscint go forleathan ann faoi ionchais agus straitéisí na scoile maidir le tacaíocht don iompar dearfach; bainfear leas as lámhleabhar na dtuismitheoirí, polasaithe a bheith ar fáil agus éiteas cumarsáide oscailte leis an méid sin a bhaint amach
- dea-chaidrimh a fhorbairt ina léireofar meas ar a chéile, comhar, oscailteacht agus tacaíocht i measc na bpáistí, na mball foirne agus na dtuismitheoirí.
- ról an bhaile agus na scoile a spreagadh chun an polasaí seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

## 3a. Caighdeáin agus Ionchais Iompair sa Scoil seo againne:

Táthar ag cuimhneamh ar bhunluachanna na scoile, is iad sin meas, cúram, tuiscint, cuntasacht, macántacht agus maithiúnas agus an cód iompair seo á scríobh. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le dea-chaidrimh má tá na páistí chun barr a gcumais a bhaint amach san fhoghlaim, san fhorbairt shóisialta agus san fhorbairt mhothúchánach.

**<u>Léireofar luachanna dearfacha i gcaighdeáin iompar sa scoil seo againne, na cinn seo ina measc:</u>**

**Bá agus Meas a léiriú:** dea-bhéasa a úsáid, cineáltas agus bá a léiriú, obair a dhéanamh go ciúin, teanga oiriúnach a úsáid, treoracha múinteoirí a leanúint, cabhair a thabhairt, éisteacht, fanacht le do sheal labhartha féin.

**Freagracht agus Cuntasacht a léiriú:** aire a thabhairt do mhaoine gach duine, obair bhaile a dhéanamh, teacht isteach in am, a bheith réidh don rang, cloí le rialacha ranga agus scoile, cinntí cearta a dhéanamh maidir leis na rudaí ba chóir a thabhairt chun na scoile, lón sláintiúil cothaitheach a ithe, bruscar a chur sa bhosca bruscair, aire a thabhairt do thimpeallacht na scoile, don seomra ranga agus do thailte na scoile, seasamh ar son na nithe atá ceart agus cóir, freagracht a ghlacadh as d'iompar féin, cabhair agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile le bheith cuntasach as a n-iompar féin.

**Sábháilteacht:** tú féin a iompar ar bhealach inar féidir a chinntiú go mbeidh tusa, páistí eile agus múinteoirí slán sábháilte.  Smaoineamh ar riachtanais, mothúcháin agus sábháilteacht daoine eile, súgradh go sábháilte, a bheith cúramach gan a bheith garbh ná dochar a dhéanamh do dhaoine eile ar bhealach ar bith. Cabhair agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile lena chinntiú go mothaíonn gach duine slán sábháilte ar scoil.

**Macántacht:** beimid cuntasach asainn féin agus as a chéile, inseoimid an fhírinne fiú nuair a bhíonn sé deacair agus admhóimid nuair is muidne atá san éagóir. Inseoimid má fheicimid dochar á dhéanamh do dhuine d'aon ghnó. An fód a sheasamh do dhaoine eile.

**Do sheacht ndícheall a dhéanamh:** Dearcadh dearfach a bheith agat, do dhícheall a dhéanamh i gcónaí - cabhair a iarraidh má bhíonn sí uait.

Táthar ag súil leis an méid seo a leanas ó na páistí ar fad i nGaelscoil Shliabh Rua:

• Beidh siad dea-bhéasach agus léireoidh siad meas orthu féin agus ar dhaoine eile, beidh siad cineálta le daoine eile agus sásta cabhrú le daoine eile.

• Freastalóidh siad ar an scoil go rialta agus go poncúil.

• Déanfaidh siad a ndícheall i gcás obair scoile agus obair bhaile

• Beidh gach rud acu a bheidh ag teastáil don rang agus coinneoidh siad a spás pearsanta agus giuirléidí deas slachtmhar.

• Léireoidh siad go bhfuil siad toilteanach bealaí measúla a úsáid le deacrachtaí agus achrann a réiteach, toilteanach idirghabháil piaraí a úsáid agus maithiúnas a thabhairt. Glacfaidh siad páirt i gcleachtais aisiríocha chun tacú le dea-chaidrimh agus folláine, chun coinbhleachtaí a réiteach agus chun dochar a laghdú nó a sheachaint.

Tá cosc ar an mbulaíocht i gcónaí. Tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar cad is bulaíocht ann agus, dá réir sin, tá an sainmhíniú againn anseo ó Nósanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais do Bhunscoileanna agus do Mheánscoileanna:

'Is éard is bulaíocht ann ná iompraíocht dhiúltach nach dteastaíonn, a sheolann duine aonair nó grúpa i gcoinne duine (nó daoine) ó bhéal, go síceolaíoch nó go fisiciúil agus a dhéantar arís agus arís eile le himeacht ama'. Tá an chibearbhulaíocht agus bulaíocht atá bunaithe ar an bhféiniúlacht mar chuid den sainmhíniú sin, bulaíocht homafóbach agus bulaíocht chiníoch, mar shampla.

Is féidir féachaint ar ár bpolasaí frithbhulaíochta ar líne ar www.gaelscoilshliabhrua.ie

## 3b. An méid a bhfuiltear ag súil leis ó pháistí, baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus ón mBord Bainistíochta

***Páistí***

Ba chóir caitheamh go cothrom, go seasmhach agus go cúramach le gach páiste agus meas a léiriú. Ba chóir go mbeidís in ann a bheith ag foghlaim agus oideachas a fháil i dtimpeallacht nach gcuirtear isteach orthu go rómhinic agus ina bhfuil siad sábháilte ó thaobh bulaíochta agus iompar neamhshábháilte de. Ba chóir aitheantas a thabhairt do na difríochtaí a bhíonn ann idir páistí agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

Ba chóir go measfadh páistí go n-éistear leo agus go dtugtar aitheantas dóibh. Ba chóir dóibh a bheith in ann ceisteanna a chur chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt. Tabharfar tacaíocht, aitheantas agus treisiú don iompar dearfach. Tabharfar freagairt d'iompar dúshlánach ar bhealach lena dtabharfar tacaíocht don dalta iompar dearfach a fhorbairt agus bainfear leas as modhanna caidreamhacha.

***Múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta***

Ba chóir meas agus dínit a léiriú nuair a bhítear ag caitheamh le múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus le baill foirne eile, mar a bheadh i gceist le gach oibrí. Ba chóir go mbeidís in ann tabhairt faoina gcuid oibre i dtimpeallacht fhisiciúil atá sábháilte, béasach agus saor ó chur isteach de réir mar is réasúnach. Ba chóir go mbeadh tacaíocht agus comhoibriú acu óna

gcomhghleacaithe múinteoireachta, ó bhaill foirne eile agus ó thuismitheoirí sa dóigh is go mbeidh siad in ann aidhmeanna agus cuspóirí na scoile a bhaint amach (I dTreo Iompar Dearfach i mBunscoileanna, Cumann Múinteoirí Éireann, 2004)

***Tuismitheoirí/Caomhnóirí***

Ba chóir bealaí soiléire cumarsáide a bheith ag tuismitheoirí le múinteoirí agus leis an bpríomhoide. Ba cheart meas, tuiscint agus rúndacht a léiriú nuair a bhítear ag caitheamh leo. Ba chóir an t-eolas is déanaí a thabhairt dóibh maidir le dul chun cinn a bpáiste agus ba chóir dul i gcomhairle leo go luath má bhíonn aon cheist iompair nó beart smachta ann. Tabharfar tús áite do chur chuige comhoibríoch, oscailte, caidreamhach chun tacú leis an iompar dearfach nó chun freagairt d'iompar dúshlánach. Ba chóir go mbeadh teacht ag tuismitheoirí ar Chód na scoile don Iompar Dearfach.

## 4. Na róil atá ag páistí, baill foirne, comhaltaí den Bhord Bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí agus na freagrachtaí atá orthu

Tá freagracht ar gach ball foirne agus tuismitheoir/caomhnóir de chuid na scoile eiseamláir a thabhairt do na páistí ó thaobh caighdeáin iompair de agus an méid sin a léiriú sa chaidreamh a bhíonn acu leis na páistí agus le daoine fásta eile, ós rud é gur foinse chumhachtach foghlama do pháistí atá sa sampla a thugann siad. Má tá siad leis sin a dhéanamh, caithfidh eolas a bheith acu ar na caighdeáin agus tuiscint acu ar an tábhacht a bhaineann le bheith ag súil go gcloífidh daltaí leis na caighdeáin sin. Táthar ag súil go gcloífidh daoine fásta le gach cód a bhaineann le cúrsaí iompair, lena n-áirítear Polasaí don Teanga Dhearfach agus Polasaí maidir leis an Dínit san Ionad Oibre. Sna bealaí a ndéanann tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí teagmháil lena chéile, feicfidh páistí múnla de chaidrimh a bheidh measúil agus comhoibríoch.

### 4.1 Freagrachtaí Páistí

Tá páistí freagrach as an méid seo a leanas:

- A gcuid oibre ranga agus baile agus as a ndícheall a dhéanamh sa dá rud.
- Rialacha scoile agus ranga a bheith ar eolas acu agus iad a chomhlíonadh.
- A n-iompar féin sa rang agus in áitreabh na scoile.
- A gcuid earraí féin.
- A seomra ranga féin.
- Maoin scoile.
- An timpeallacht ina bhfuil siad.

• Bheith ag súgradh go sábháilte.
• Gan daoine eile a fhágáil as a gcuid cluichí.
• Cuidiú agus aire a thabhairt do dhaoine eile, go háirithe na daltaí óga sa scoil.
• Iompar a léiriú atá ag teacht leis an gCód don Iompar Dearfach an t-am ar fad, nuair a bhíonn siad mar ionadaí don scoil agus ar thurais scoile san áireamh.
• Cloí le Rialacha Órga na Scoile:

- Táimid séimh
- Táimid cineálta
- Déanaimid ár ndícheall
- Táimid macánta
- Éistimid

**4.2 Freagrachtaí Múinteoirí**
Tá múinteoirí freagrach as an méid seo a leanas:
• Na páistí atá faoina gcúram.
• Timpeallacht/cultúr dearfach a fhorbairt don fhoghlaim.
• Bheith dian, cothrom agus seasmhach nuair a bhíonn duaiseanna agus smachtbhannaí i gceist.
• Cultúr agus cleachtas a chur chun cinn ina bhfuil comhionannas agus meas, ina bhfuil an meas céanna ar gach páiste, ina ndéantar ceiliúradh ar chumas, scileanna agus buanna gach páiste agus ina gcuirtear an éagsúlacht chun cinn.
• Bheith ullamh don obair ranga.
• Aird a thabhairt ar gach páiste.
• Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí maidir le ceisteanna a bhaineann le foghlaim agus iompar a bpáiste.
• Ionchais dhearfacha a bheith acu do pháistí.
• A chinntiú nach gcuirtear isteach ar an bhfoghlaim ach a laghad agus is féidir.
• Obair bhaile a thabhairt, a sheiceáil agus a cheartú de réir an Pholasaí Oibre Baile.
• Dul i gcomhairle le páistí, míniú agus soiléiriú a thabhairt maidir lena bhfuiltear ag súil uathu ó thaobh iompair de.
• Scileanna iompar dhearfaigh a theagasc agus a threisiú agus tacú leis na scileanna sin.
• An t-iompar is mian leo féin a fheiceáil a léiriú.

**4.3 Freagrachtaí Bhaill Foirne na Scoile**
Tá baill foirne na scoile freagrach as an méid seo a leanas:
• Meas agus dínit a léiriú agus iad ag caitheamh le gach páiste, tuismitheoir/caomhnóir agus ball foirne eile atá mar chuid de phobal na scoile.
• Cabhair a thabhairt chun timpeallacht agus cultúr dearfach a fhorbairt don fhoghlaim.

• Cloí le polasaithe na scoile, an Cód don Iompar Dearfach agus polasaithe gaolmhara san áireamh.
• Tacú leis an iompar dearfach mar thosaíocht agus dea-chaidrimh a chothú sa scoil.
• Páirt a ghlacadh i gcultúr agus i gcleachtas an chomhionannais ina léirítear an meas céanna ar gach páiste.
• Timpeallacht a fhorbairt ina léirítear meas agus ina gcuirtear an éagsúlacht chun cinn go gníomhach agus aitheantas á thabhairt san am céanna don chumas agus do na scileanna agus buanna ar leith atá ag gach páiste.
• Ionchais dhearfacha a bheith acu do dhaltaí.
• Spreagadh a thabhairt do dhaltaí cloí le héiteas na scoile agus meas a léiriú ar gach ball de phobal na scoile.
• Dea-shampla a léiriú do dhaltaí, go háirithe in áitreabh na scoile agus iompar eiseamláire á léiriú acu.
• An t-iompar is mian leo féin a fheiceáil a léiriú.
• Iad féin a chur ar an eolas faoi chóras duaiseanna agus smachtbhannaí na scoile agus comhoibriú leis.

- Déanfaidh múinteoirí scileanna don iompar dearfach a theagasc, a neartú agus tabharfaidh siad tacaíocht ina leith chomh maith.

**4.4 Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta**
Tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Shliabh Rua freagrach as an méid seo a leanas:

• Meas agus dínit a léiriú agus iad ag caitheamh le gach páiste, tuismitheoir/caomhnóir agus ball foirne atá mar chuid de phobal na scoile.
• Tacaíocht a thabhairt don Phríomhoide agus do bhaill foirne na scoile chun an Cód don Iompar Dearfach agus na duaiseanna/smachtbhannaí ann a chur i bhfeidhm.
• Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód don Iompar Dearfach ar bhonn rialta agus tacú le hathbhreithniú ar an bpolasaí amach anseo mar is gá.
• Éascaíocht a dhéanamh ar athbhreithniú agus feidhmiú aon pholasaí nuashonraithe agus tacaíocht a thabhairt ina leith sin.
• Plé le haon cheist a chuirfear faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta ar bhealach a bheidh tráthúil, cothrom agus trédhearcach agus meas á léiriú ar an rúndacht.

**4.5 Freagrachtaí Tuismitheoirí/Caomhnóirí**
Tá tacaíocht ó thuismitheoirí/ó chaomhnóirí ag teastáil ón scoil chun ionchais na scoile a bhaint amach ó thaobh iompar dearfach agus smachta de.

Cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin gCód don Iompar Dearfach, agus faoin ról atá acu tacú leis, i gcruinnithe do thuismitheoirí nua, i gcruinnithe bliantúla maidir le curaclam ranga agus mar chuid de phacaí eolais. Tá an Cód don Iompar Dearfach ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.gaelscoilshliabhrua.ie chomh maith. Chuathas i gcomhairle le Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus athbhreithniú á dhéanamh ar an gcód reatha in 2020.
Tá ról lárnach le glacadh ag gach tuismitheoir ionchais iompair a phlé agus tacaíocht a thabhairt do na páistí leis an iompar dearfach a bhaint amach. D'fhéadfadh róil bhreise a bheith ag tuismitheoirí mar chomhaltaí de Bhord Bainistíochta na scoile nó mar bhaill de Chumann/Grúpa na dTuismitheoirí. Tá ról ag gach tuismitheoir aon cheisteanna pearsanta nó ábhair imní i dtaca leis an bPolasaí don Iompar Dearfach a chur in iúl don phríomhoide.

**Tuismitheoirí/Caomhnóirí: Freagrachtaí**

• Meas a bheith acu ar chách; iompar dearfach a mhúnlú i leith na mball ar fad de phobal
na scoile.
• Cuid de chur chuige na scoile uile i leith iompar dearfach atá sna dea-chaidrimh chomhoibríocha idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus an scoil.
• An polasaí seo don iompar dearfach a léamh, ionchais iompair a phlé le páistí agus
conradh idir tuismitheoirí/an scoil a shíniú lena chur in iúl go bhfuil an polasaí léite ag tuismitheoirí agus páistí.
• Na páistí a spreagadh chun cloí le héiteas agus polasaí na scoile don iompar dearfach an t-am ar fad.
• Cumarsáid a dhéanamh le baill foirne mar chuid de chruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, ceardlanna,
cumarsáid scríofa, pacaí eolais, etc.
• A chinntiú go bhfreastalaíonn na páistí ar scoil go rialta agus go poncúil i gcomhréir le
Polasaí Tinrimh agus Poncúlachta na scoile.
• A chinntiú go bhfuil na leabhair agus acmhainní riachtanacha ag páistí don fhoghlaim.
• Na páistí a spreagadh a ndícheall a dhéanamh agus freagracht a ghlacadh as a gcuid oibre.
• Eolas chur in iúl maidir le nithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar iompar páiste ar scoil. Teagmháil a
dhéanamh leis an múinteoir ranga má bhíonn aon ábhar imní ann agus tacaíocht a iarraidh ar an scoil más gá. Déanfar amhlaidh faoi rún de réir mar is cuí.

## 6. Straitéisí leis an Iompar Dearfach a chur chun cinn

Anseo i nGaelscoil Shliabh Rua, an príomhchuspóir atá lenár gCód don Iompar Dearfach ná cultúr sona agus timpeallacht dhearfach a chothú sa scoil. Mar chuid de sin tá cleachtais agus straitéisí chun seasamh leis an iompar dearfach agus lena chur chun cinn. Déanaimid ár ndícheall caidrimh a fhorbairt ina léirítear comhbhá agus meas agus, dá réir sin, lena ndéantar cultúr agus pobal scoile a fhorbairt ina ndéantar na nithe seo a chothú: cuntasacht, ceangal idir gach duine, ionchais arda agus tacaíocht do na baill go léir de phobal na scoile barr a gcumais a bhaint amach.

Is é an polasaí atá againn idirghabháil a dhéanamh go luath agus ar bhealach dearfach nuair nach mbaintear amach na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo sa scoil ó thaobh iompar dalta de. D’fhéadfadh go mbeadh tacaíocht agus treoir de dhíth ar pháistí le hiompar dearfach a bhaint amach agus le teacht ar réiteach deacrachtaí chomh maith le dea-chaidrimh a bheith acu san am céanna.

Úsáidtear Curaclam na scoile don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte chun tacú leis an gCód Iompair. Is é is aidhm dó cabhrú leis na páistí scileanna cumarsáide, bealaí oiriúnacha le caidreamh a dhéanamh, bealaí oiriúnacha iompair agus scileanna réitigh coinbhleachta a fhorbairt. Is é is aidhm dó, freisin, féinmheas a chothú agus cabhrú le páistí dul i dtaithí ar dhifríochtaí agus saoránacht a fhorbairt. Tá oiliúint beartaithe do bhaill foirne i gcaitheamh na bliana atá le teacht chun tacú leis an scoil tabhairt faoin gCleachtas Aisiríoch agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar éiteas agus cultúr caidreamhach na scoile agus ar chur chuige scoile uile i leith iompar dearfach.

**Tacaíocht don Iompar Dearfach: Cleachtais Seomra Ranga agus Scoile**
Tá Gaelscoil Shliabh Rua tiomanta cleachtais a fhorbairt lena dtugtar tacaíocht don iompar agus don fhoghlaim dhearfach. Táimid tiomanta don teagasc caidreamhach, ar cur chuige oideachais é ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le ceangal agus caidrimh daoine.

Is é is ceangal sa seomra ranga ann ná túsphointe nuair a mhothaíonn páistí go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad mar pháirt de phobal sábháilte agus, mar sin, go mbeidh siad sásta rudaí nua a fhoghlaim, rudaí a fhiosrú agus páirt a ghlacadh.
Is éard is ciall le cur chuige caidreamhach scoile uile ná go ndéanann páistí dea-chaidrimh a fhorbairt le cuid mhór daoine fásta agus páistí, a chuidíonn leo a bheith ar a suaimhneas an t-am ar fad.

Gach Seomra Ranga
*I mí Mheán Fómhair:*
• Déanann múinteoirí plé ar luachanna na scoile le páistí agus tugann siad le fios na hiarmhairtí a bhaineann le cineálacha iompair

• Tagann múinteoirí agus páistí ar chomhaontú maidir le rialacha ranga. Úsáidtear teanga dhearfach agus duaiseanna.
• Bíonn múinteoirí ag teagasc faoi threoir Chód na scoile don Iompar Dearfach.
• Glacann ranganna páirt i Seachtain an Chairdis agus sna gníomhaíochtaí a bhaineann léi.
• Déanfaidh múinteoirí scileanna don iompar dearfach a theagasc, mar shampla, sealanna a ghlacadh, scileanna éisteachta, cineáltas, scileanna ionbhá agus rialú mothúchánach.
• Tabharfaidh na múinteoirí deiseanna le go mbeidh na páistí in ann cleachtadh agus forbairt a dhéanamh ar na scileanna sin ina saol laethúil. Úsáidfear múnlú iompraíochta chomh maith.
•Cuirfear deiseanna ar fáil freisin chun machnamh a dhéanamh ar iompar le gur féidir le páistí foghlaim ón taithí a bhíonn acu

*Le linn na bliana, sna ranganna éagsúla, déanann baill foirne nithe éagsúla:*
• Déanann siad a chinntiú go dtuigeann páistí ionchais iompair.
• Tugann siad soiléiriú ar na céimeanna chun iompar a bhainistiú sa seomra ranga (an chéad chuid eile).
• Tugann siad tacaíocht do páistí ionchais iompair a bhaint amach.
• Tugann siad aitheantas, moladh agus cúiteamh don iompar dearfach.
• Baineann siad úsáid as gníomhaíochtaí agus modhanna le rannpháirtíocht agus inspreagadh na páistí a chothú.
• Cuireann siad deiseanna don fhéinmheasúnú ar fáil le cumhacht a thabhairt do na páistí mar fhoghlaimeoirí.
• Cuireann siad cásanna den iompar dearfach in iúl do thuismitheoirí agus do ranganna eile.
• Tugann siad tacaíocht do pháistí gur féidir leo a bheith neamhspleách, cumasach agus freagrach mar fhoghlaimeoirí.

*Ar fud na Scoile*
Anuas ar na gníomhartha atá leagtha amach thuas, déanann baill foirne nithe éagsúla ar fud na scoile:
• Tugann siad tacaíocht do pháistí Comhairle Scoile a chur ar bun agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe rialta.
• Tugann siad tacaíocht do pháistí tabhairt faoi róil aitheanta sa scoil, mar shampla, mar bhaill den Fhoireann Ghlas, etc.
• Úsáideann siad próisis agus gnáthaimh na scoile leis an iompar dearfach a chur chun cinn.
• Baineann siad leas as comharthaí scríofa agus amhairc ar fud na scoile chun ionchais iompair a neartú.

• Díríonn siad ar Rialacha Órga ar fud na scoile chun tuiscint ar ionchais iompair a chur chun cinn.

## Straitéisí agus Spreagthaí samplacha nuair a bhítear ag freagairt do dhaltaí

- Dea-chaidrimh a fhorbairt agus a chothú sa seomra ranga agus sa scoil uile chun tacú leis an iompar dearfach agus leis an bhfoghlaim.
- Teacht ar réiteach dúshlán ar bhealach comhoibríoch aisiríoch, bunaithe ar mhodhanna caidreamhacha.
- Cumarsáid a dhéanamh le páistí ar bhealach comhbhách lena léirítear tacaíocht agus ina ndéantar teanga, tuin agus airde an ghutha, comharthaíocht coirp agus ionbhá a mheas.
- Atreisiú dearfach agus cumarsáid le páistí, tuismitheoirí agus caomhnóirí faoi iompar dearfach ar leith ar scoil.
- Cuairt ar rang eile nó ar an bPríomhoide le moladh a fháil.
- Moladh os comhair an ghrúpa ranga nó gan daoine eile i láthair (mar is cuí)
- Gradaim ranga fiúntais do dhaoine ar leith, gradaim pointí nó stampa gradaim, de réir mar is rogha leis an múinteoir ranga (ar bhealach cothrom seasmhach ionchuimsitheach)
- Freagracht nó pribhléid speisialta éigin a thabhairt.
- Cumarsáid scríofa nó cumarsáid ó bhéal le tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Teastas nó duais a bhronnadh mar chuid de thionól scoile
- Bronnfar gach duais ar bhealach lena dtabharfar aitheantas don dul chun cinn agus don iarracht mar aon le gaisce agus éachtaí.

**Straitéisí scoile uile eile le dea-chaidrimh agus iompar dearfach a chur chun cinn**

- Am Ciorcail
- Scileanna sóisialta agus ceachtanna ar chriosanna an rialaithe (rialú na mothúchán agus an iompair a theagasc agus tacú leis)
- Cleachtas athmhachnaimh (mar chuid de chóras na gcártaí)

- Ceachtanna san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), mar shampla, bulaíocht, fanacht sábháilte, cairdeas, aire a thabhairt dom féin, etc.
- Am Órga (am órga a thuilleamh)
- Am súgartha sa bhreis sa chlós
- An líne is fearr sa tseachtain
- Ceisteanna aisiríocha *(Tá oiliúint foirne le heagrú maidir leis seo)*
- Cur chuige agus modh smaointeoireachta agus maireachtála i leith daoine eile is ea *an Cleachtas Aisiríoch* lena dtugtar tacaíocht do dhea-chaidrimh, lena seachnaítear dochar, lena ndéantar coinbhleachtaí agus dúshláin a réiteach ar bhealach caidreamhach ina gcuirtear sábháilteacht, cuntasacht, cothroime, muinín agus comhionannas chun cinn.
- Teacht ar an dea-iompar/an cóimheas 5:1, is é sin cúig ráiteas dhearfacha sula ndeirtear ceann diúltach

**Duaiseanna samplacha (gan a bheith teoranta dóibh):**

- Am órga
- Am breise sa chlós
- Pasanna oibre baile
- Duaiseanna beaga
- Greamáin
- Dalta an lae

  I gcás na nduaiseanna, díreofar ar iarracht agus dul chun cinn agus déanfar iad a bhronnadh de mheon cothroime agus uileghabhálachta.

***Pleanáil scoile uile***

Mar chuid de na hiarrachtaí atá ar bun againn i rith an ama leis an iompar dearfach a chur chun cinn, tabharfar am le linn cruinnithe den fhoireann chun plé a dhéanamh ar an gcód a chur i bhfeidhm, ar straitéisí don iompar dearfach a fhorbairt agus ar dheiseanna don chleachtas athmhachnaimh.

Tabharfar deiseanna do bhaill foirne lena dtaithí den iompar dearfach agus diúltach a thabhairt agus le bheith ag foghlaim óna chéile. Tabharfar tacaíocht agus scafláil do mhúinteoirí le tabhairt faoin gcleachtas athmhachnaimh agus, dá réir sin, tabharfar tacaíocht dá gcaidreamh leis na páistí agus le múinteoirí eile.

Cuirfidh baill foirne na páistí ar an eolas faoin gCód Iompair go rialta agus cuirfidh siad na hionchais i gcuimhne dóibh i rith na scoilbhliana. Beidh deiseanna ann mar chuid de ghnáthshaol na scoile leis an iompar dearfach a theagasc, a chleachtadh, a threisiú, agus le machnamh a dhéanamh air.

Caithfidh baill foirne a bheith eolach ar an gCód Iompair agus comhairle a iarraidh ar bhall den fhoireann bainistíochta ionscoile más gá.

Cuirfidh ball den fhoireann bainistíochta ionscoile baill foirne nua agus ionadaithe ar an eolas maidir le gach polasaí agus cleachtas sa scoil. Cuirfidh baill foirne reatha tacaíocht ar fáil do gach ball foirne nua lena chinntiú go mbeidh seasmhacht ann ó thaobh cur chuige de agus le cultúr na scoile uile a léiriú, is é sin dea-chaidrimh agus cur chuige caidreamhach i leith tacaíocht iompair.

### Meantóireacht

## 7. Freagairt d'Iompar Míchuí

I ngach cás ina dtabharfar freagairt d'iompar míchuí, a oiread is féidir, déanfar idirghabháil chun tacú le daltaí iompar dearfach a fhoghlaim agus a chleachtadh. Cuirfear béim ar dhea-chaidrimh thacaíochta sa scoil, lena léirítear bunluachanna na scoile, is iad sin comhar, próiseas cothrom, cúram agus meas mar aon le cur chuige seasmhach atá bunaithe ar réiteach fadhbanna.

**Na bearta a dhéanfar nuair a mhainneoidh nó nuair a dhiúltóidh mac léinn na Caighdeáin Iompair a urramú.**

**Agus freagairt á tabhairt don mhí-iompar:**

- Déan idirdhealú idir an t-iompar agus an páiste, e.g. 'seo an rud a rinne tú' seachas 'tá tú/is ... thú'

- Caith go hachomair leis
- Dírigh ar an iompar
- Cloígh leis an teanga dhearfach
- Bain leas as cur chuige aisiríoch chun deis a thabhairt don páiste freagra a thabhairt, mar shampla, 5 cheist aisiríocha

1. Céard a tharla?
2. Cad a cheap tú nuair a thuig tú an rud a tharla?
3. Conas a chuaigh an eachtra seo i bhfeidhm ortsa agus ar dhaoine eile?
4. Cad é an rud ba dheacra duitse?
5. Céard ba chóir tarlú dar leat chun rudaí a chur ina gceart?

- Seachain argóint agus achrann gan chúis
- Déan idirdhealú idir an t-iompar a cheartú sa ghearrthéarma, mar shampla, chun sábháilteacht a chinntiú, agus ansin san fhadtéarma ina dhiaidh sin nuair a bheidh na daoine eile ar shiúl
- Rialaigh-Réitigh-Áitigh

**Nósanna imeachta chun dul i ngleic le mion-mhí-iompar** (Féach ‘Tacaíocht Shóisialta, Mhothúchánach agus Iompair: Treoirlínte do Mhúinteoirí,2007, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais) lgh 35-38 agus Aguisín 1, 2 agus 3 le haghaidh cáipéisí tacaíochta.

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_besd_continuum_teacher_guide.pdf

- Riachtanas gan sásamh atá in aird agus spreagadh múinteora, mar aon le moladh a thabhairt do gach saghas iompair
- Neamhaird a thabhairt ar bhonn pleanáilte ar mhion-mhí-iompar nach gcuireann isteach ar chúrsaí nó a bhaineann le hiompraíocht aird-éilitheach
- Spreagthaí agus duaiseanna a úsáid chun iompar dearfach agus inspreagadh a ghríosú
- Cur chuige céim ar chéim chun freagairt do mhí-iompar
- Comhairle/tacaíocht a iarraidh ar mhúinteoir eile

Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas go luath má bhíonn fadhbanna ann seachas fanacht go dtí go mbeidh eachtra thromchúiseach ann. Má bhíonn mionsárú ann arís agus arís eile, déanfaidh an múinteoir ranga an méid sin a thaifeadadh ar Aladdin.

Bulaíocht (Féach an polasaí frithbhulaíocht ar an suíomh gréasáin. Beimid ag dul i ngleic le hiompar bulaíochta de réir an pholasaí frithbhulaíocht)

## Seo a leanas roinnt samplaí den mhion-mhí-iompar:

## (Seolfar Nóta cumarsáide chun mion mhí-iompar a chur in iúil do thusimitheoirí)

- Cur isteach ar obair an ranga
- Dalta ag rith i bhfoirgneamh na scoile
- Drochbhéasa nó drochmhúineadh ach ag stopadh nuair a iartar orthu stop
- Bréaga a insint
- Iompar garbh ar an gclós
- Diúltú cloí le treoir ar leith atá tugtha ag an múinteoir
- Diúltú obair scoile a dhéanamh
- Mí-iompar sa chlós ar mí-iompar é a mheastar gur mionsárú araíonachta é agus a bhfuil aon ghníomh mar chuid de a chuireann as do dhalta eile nó lena gcuirtear sábháilteacht an dalta féin, daltaí eile nó sábháilteacht duine den fhoireann i mbaol.
- Gléas cliste a thógáil isteach ar scoil/ag casadh fón póca ar siúl i rith an lae

## Mí-iompar tromaí agus mí-iompar tromchúiseach

**Iompar tromaí**

D'fhéadfadh mí-iompar tromaí teacht chun cinn mar fhreagairt ar mhion-mhí-iompar nach gceartaíonn an páiste i ndiaidh dó nó di dhá mheabhrú faoi a fháil, nó d’fhéadfadh eachtra gan choinne a bheith ann nuair nach mbaineann an páiste ionchais iompair na scoile amach. Is éard a bhíonn i gceist le heachtra ina bhfuil mí-iompar tromaí ná easpa measa lena gcuirtear isteach ar an bhfoghlaim nó lena ndéantar dochar (go fisiciúil agus/nó go mothúchánach) do dhuine eile sa scoil. D'fhéadfadh a leithéid a bheith mar chúis le míshuaimhneas nó imní nó bagairt a chur ar shábháilteacht páistí agus múinteoirí.

**Samplaí den mhí-iompar tromaí**

- Iompar a léiriú sa rang a chuireann isteach ar chúrsaí go minic
- Dímheas a léiriú ar dhaltaí eile, an fhoireann nó ar chuairteoirí scoile
- Damáiste nó goid d'aon ghnó a dhéanamh do mhaoine aon duine eile: dalta eile, ball foirne nó maoine de chuid na scoile
- Áitreabh na scoile a fhágáil le linn an lae scoile gan cead a fháil ón Múinteoir, ón Leas-Phríomhoide nó ón bPríomhoide
- É nó í féin, nó daltaí eile, a chur i mbaol i limistéar na scoile
- Teanga mhíchuí atá maslach a úsáid
- Uirlisí troda, drugaí nó alcól a thabhairt chun na scoile
- Aon ghníomh a bheadh dochrach do bhall eile de phobal na scoile, idir dhochar fisiciúil agus dochar ó bhéal, lena n-áirítear aon ábhar a scaipeadh a d'fhéadfadh ball de phobal na scoile a mhaslú.
- Ag taifead nó ag glacadh g-ghraf d'fhoireann nó daltaí na scoile gan cead

**Mí-Iompar Tromchúiseach**

An míniú a thugtar ar an mí-iompar tromchúiseach ná mí-iompar tromaí a dhéantar arís agus arís eile. De thoradh ar an mí-iompar sin, d'fhéadfadh an páiste a chur ar fionraí nó a dhíbirt as Gaelscoil Shliabh Rua

**Samplaí den Mhí-Iompar Tromchúiseach**

- Iompar ionsaitheach, bagrach nó foréigneach i leith dalta/ball foirne/tuismitheoir/caomhnóir/cuairteoir ar bith
- Aon ionsaí ar dhalta/ball foirne/tuismitheoir/caomhnóir/cuairteoir ar bith
- Damáiste toiliúil do mhaoin
- Ag tógáil substaint mídleathach nó srianta cosúil le vapes, alcól, toitíní, drugaí &rl isteach ar scoil
- Ag tógáil gléas troda isteach ar scoil

**Smachtbhannaí**

**Córas an chárta bháin agus tasc athmhachnaimh**

D’fhéadfadh go gceadófaí cárta bán agus tasc athmhachnaimh i gcásanna den mhí-iompar tromaí.

- Déanfar foirm thuairisce ar eachtra a chomhlánú ar Aladdin
- Cuirfear ball den fhoireann bainistíochta ionscoile ar an eolas.
- Socrófar cruinniú leis na tuismitheoirí má mheastar gur gá.

Má bhíonn amhras ar mhúinteoir ranga, iarrfaidh sé nó sí comhairle ar dhuine den fhoireann ceannaireachta ionscoile.

*Beidh ceisteanna athmhachnaimh chun dul leis an gcárta bán. Is féidir le tuismitheoirí iad seo a úsáid chun an eachtra a phlé.
*Déanfaidh an múinteoir ranga eachtraí cárta bháin a thaifeadadh ar Aladdin.

## 8. Má leanann Iompar Tromaí

- Déantar athbhreithniú ar gach cás de mhí-iompar tromaí an pháiste ar chomhad an pháiste ar Aladdin.
- Cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas tar éis an triú Cárta Bán agus déanann an múinteoir ranga agallamh a shocrú leis na tuismitheoirí. Beidh an Príomhoide ar an eolas maidir leis an gcruinniú sin.
- Má leanann an fhadhb ar aghaidh, agus má fhaigheann an páiste an 4rú cárta bán, cuirfidh an Príomhoide na tuismitheoirí ar an eolas maidir le mí-iompar an pháiste a bhfuil taifead déanta de agus na hiarmhairtí a bhaineann le mí-iompar leanúnach den chineál sin.
- Mura bhfuil feabhas ar chúrsaí fós, cuirfidh an Príomhoide Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ar an eolas maidir leis an bhfadhb.
- Cuirfear cuireadh ar na tuismitheoirí teacht chuig cruinniú urghnách den Bhord Bainistíochta. (Mura dtagann feabhas ar chúrsaí, d’fhéadfadh an Bord Bainistíochta a mheas gur gá an dalta a chur ar fionraí ar feadh tréimhse sonraithe.)

- Déanfar díbirt a mheas sna cásanna is troime.

## 9. Iompair Tromchúiseach

**Eachtra 1:**

- Glaotar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach láithreach chun an eachtra a phlé.
- Téann an páiste abhaile leis na tuismitheoirí an lá sin.
- Seoltar litir ón mBord Bainistíochta ag leagadh amach an chéad chéim eile.
- Beidh fionraí inmheanach an chéad lá eile a bhfuil an páiste ar scoil. (Ag obair in oifig an Príomhoide/Rúnaí don lá)
- Taifead don eachtra ar Aladdin.

**Eachtra 2:**

- Glaotar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach láithreach chun an eachtra a phlé.
- Téann an páiste abhaile leis na tuismitheoirí an lá sin.
- Seoltar litir ón mBord Bainistíochta ag leagadh amach an chéad chéim eile.
- **Fios a chur ar sheirbhísí seachtracha más gá. Mar Shampla TUSLA má tá buairt caomhnú leanaí. Gardaí má tá buairt ó thabh an dlí de.**
- Beidh fionraí inmheanach an chéad lá eile a bhfuil an páiste ar scoil. (Ag obair in oifig an Príomhoide/Rúnaí don lá)
- Taifead don eachtra ar Aladdin.

**Eachtra 3:**

- Glaotar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach láithreach chun an eachtra a phlé.
- Téann an páiste abhaile leis na tuismitheoirí an lá sin.

- Seoltar litir ón mBord Bainistíochta ag leagadh amach an chéad chéim eile.
- Fios a chur ar sheirbhísí seachtracha más gá. Mar Shampla TUSLA má tá buairt caomhnú leanaí. Gardaí má tá buairt ó thabh an dlí de.
- **Beidh fionraí inmheanach an chéad 2 lá eile a bhfuil an páiste ar scoil. (Ag obair in oifig an Príomhoide/Rúnaí don lá)**
- Taifead don eachtra ar Aladdin.

**Eachtra 4:**

- Glaotar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach láithreach chun an eachtra a phlé.
- Téann an páiste abhaile leis na tuismitheoirí an lá sin.
- **Cruinniú Borid Bainistíochta eagandála chun na chéad chéim eile a phlé.**
- **Fionraí nó íobairt mar rogha ag an staid seo.**
- Taifead don eachtra ar Aladdin

**Na forais chun deireadh a chur le fionraí a forchuireadh i ndáil le mac léinn**

- Ordachán ó Choiste Achomharc
- Féadfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás
- D'fhéadfadh eolas nua teacht chun solais.

**Na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil le fógra maidir le páiste a bheith as láthair ón scoil.**

Foráiltear leis an Acht Oideachais (Leas), 2000, go bhféadfaidh Oifigeach Leasa Oideachais a bheith rannpháirteach sa scoil go minic de réir mar is cuí.

Bíonn cásanna ar leith ann, áfach, nuair is gá an tOifigeach a chur ar an eolas maidir le nithe áirithe.  Na cúiseanna sin ná

· nuair a chuirtear páiste ar fionraí i dtréimhse amháin níos mó ná 6 lá scoile

· nuair a bhíonn páiste as láthair ar feadh tréimhse níos mó ná 20 lá le linn na scoilbhliana

· má léiríonn páiste patrún

tinrimh ar ábhar imní é, de réir an phríomhoide

· nuair a bhaintear ainm páiste ón gclár

· nuair atá an páiste á mheas lena dhíbirt as an scoil.